2025/2611

22.12.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2611 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 a mhéid a bhaineann le tacaíocht Europol a neartú agus an comhar póilíneachta a fheabhsú chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 88(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(2) Is é misean Europol tacú agus treisiú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/794 ('údaráis inniúla na mBallstát') agus lena gcomhar frithpháirteach i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó, an sceimhlitheoireacht agus saghsanna eile coireachta a dhéanann difear do leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais a chosc agus a chomhrac, gníomhú mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais, agus tacaíocht oibríochtúil sholúbtha a chur ar fáil trína bheith ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht agus sa taighde a mhéid a bhaineann le forfheidhmiú an dlí agus trí réitigh phóilíneachta Eorpacha a sholáthar. Agus a phríomhchúraimí á ndéanamh aige maidir le faisnéis a anailísiú agus a mhalartú agus maidir le tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil a sholáthar, soláthraíonn Europol fíor-bhreisluach do shlándáil an Aontais.

(3) Gníomhaíocht choiriúil is ea smuigleáil imirceach lena léirítear dímheas ar bheatha agus dínit an duine d'fhonn brabús a bhaint amach, rud a bhaineann an bonn de chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann agus de chuspóirí bainistíochta imirce an Aontais. Sna conclúidí uaithi an 9 Feabhra 2023, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne smuigléirí agus dhearbhaigh sí go raibh sí sásta dlús a chur lena gníomhaíochtaí chun cosc a chur ar imeacht neamhrialta agus ar bhás daoine trí chomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais a threisiú. Is coir thromchúiseach í an gháinneáil ar dhaoine, rud a dhéantar go minic faoi chuimsiú na coireachta eagraithe, sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha atá inti, agus cuirtear toirmeasc sainráite uirthi le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Is tosaíocht i gcónaí ag an Aontas agus na Ballstáit an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na gáinneála, gan beann ar a dtír thionscnaimh. Chuige sin, tá sé tábhachtach freagairt fhorfheidhmiú an dlí ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine a neartú trí chumais fhoriomlána Europol a threisiú, agus go háirithe lárionad saineolais speisialaithe an Aontais dá chuid chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

([1]) IO C, C/2024/6024, 23.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6024/oj.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2025.
([3]) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

(4) Chun an choireacht eagraithe thromchúiseach trasteorann agus an sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, is gá comhordú agus gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh. Tá forbairt shuntasach tagtha ar ról Europol maidir le tacú le gníomhaíochtaí agus imscrúduithe malartaithe faisnéise coiriúla na mBallstát trí choincheapa nuálacha a fhorbairt lena ndírítear ar ghníomhaithe coiriúla a bhfuil ardriosca slándála ag baint leo. Tá an tacaíocht agus an comhar sin ag éirí níos casta agus mar gheall orthu tá gá le saineolas agus acmhainní sonracha nach mór do na Ballstáit agus do Europol araon infheistíocht a dhéanamh iontu. I bhfianaise an mhéid sin, trí úsáid a bhaint as tascfhórsaí oibríochtúla, cuirtear ar chumas na mBallstát, le tacaíocht ó Europol, gníomhaíochtaí comhpháirteacha, comhordaithe agus tosaíochta a dhéanamh maidir le malartú faisnéise coiriúla, agus áirítear leis na gníomhaíochtaí sin faisnéis choiriúil a mhalartú, naisc a aimsiú agus anailísí agus imscrúduithe a dhéanamh, go háirithe ar líonraí coiriúla agus grúpaí coiriúla, agus ar ghníomhaithe coiriúla aonair a bhfuil ardriosca slándála ag baint leo. Agus é ag tacú leis an gcineál comhair solúbtha, oibríochtúil agus sealadach sin, ba cheart do Europol a bheith in ann a thacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit rannpháirteacha. Ba cheart na tascfhórsaí oibríochtúla a chomhtháthú, a mhéid is féidir, san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT).

(5) In éineacht le gníomhaíochtaí malartaithe faisnéise coiriúla a dhéantar i gcomhthéacs tascfhórsaí oibríochtúla, is féidir imscrúduithe coiriúla a sheoladh i mBallstát amháin nó níos mó ar féidir leis nó leo, mar chur chuige comhlántach, tairbhe a bhaint as foireann chomhpháirteach um imscrúdú a chur ar bun chun fianaise a bhailiú. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, is féidir le Europol a mholadh do na Ballstáit lena mbaineann foireann chomhpháirteach um imscrúdú den sórt sin a chur ar bun.

(6) In 2016, chruthaigh Bord Bainistíochta Europol ('an Bord Bainistíochta') 'Lárionad Eorpach um Smuigleáil Imirceach' i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 mar lárionad saineolais speisialaithe de chuid an Aontais. Mar gheall ar an méadú ar ghníomhaíochtaí coiriúla smuigléirí imirceach agus gáinneálaithe ar dhaoine a bhfuil baint acu le teacht isteach neamhrialta imirceach san Aontas agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh den Aontas a éascú, inoiriúnaitheacht thapa grúpaí eagraithe coiriúla, chomh maith le forbairt *modi operandi* nua agus modhanna sofaisticiúla nua, tá géarghá le treisiú suntasach ar ról an lárionaid sin trína bhunú mar struchtúr buan laistigh de Europol. Ba cheart 'an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach' a thabhairt air.

(7) Ba cheart don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach tacaíocht straitéiseach, oibríochtúil agus theicniúil a sholáthar do na Ballstáit chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach tacú freisin le híospartaigh na gáinneála nó daoine leochaileacha eile a shainaithint, agus an comhar is gá le comhordaitheoir chomhrac na gáinneála de chuid an Aontais dá dtagraítear i dTreoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) á áirithiú.

(8) Chun éifeachtacht an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach a uasmhéadú agus chun comhordú agus malartú tráthúil córasach faisnéise a áirithiú chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac ar leibhéal an Aontais, ba cheart ionadaithe ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bheith san áireamh sa Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. Chomh maith leis sin, ba cheart don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún agus ar phríomhghníomhaithe EMPACT, chomh maith le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, cuidiú lena ghníomhaíochtaí, i gcás ina dtagann na gníomhaíochtaí is gá faoina sainorduithe faoi seach. Thairis sin, ba cheart don Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach a bheith in ann comhoibriú le hoifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh i dtríú tíortha agus, i gcás ina bhfuil sé fíor-riachtanach agus comhréireach, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus le misin ábhartha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus le sainordú Europol.

(9) Chun feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach a áirithiú, ba cheart don Bhord Bainistíochta cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, lena n-áirítear maidir lena chúraimí agus lena chomhdhéanamh, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(10) Ní dochar cruthú an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach do ról agus feidhmeanna an Bhoird Bainistíochta, go háirithe nuair a dhéantar cinntí, agus ceanglais ghnó agus airgeadais araon á gcur san áireamh, maidir le struchtúir inmheánacha Europol a bhunú, lena n-áirítear lárionaid saineolais speisialaithe eile de chuid an Aontais ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

([4]) Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/36/oj).

(11) Le EMPACT, tugtar le chéile raon leathan údarás inniúil i gcur chuige comhpháirtíochta agus is é atá ann an creat le haghaidh freagairt chomhordaithe i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe agus tromchúisí agus catalaíoch chun beartais agus straitéisí slándála an Aontais a oibríochtú. Chun freagairt an Aontais a neartú maidir le coireacht thromchúiseach agus eagraithe, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, a chosc agus a chomhrac, ba cheart do Europol agus do na húdaráis inniúla uile lena mbaineann faoin Rialachán seo a nasc laistigh de EMPACT agus a dtacaíocht oibríochtúil do na gníomhaíochtaí arna bhforbairt ag an ardán sin a mhéadú. Chuige sin, ba cheart do Europol a bheith in ann a thacaíocht straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais do ghníomhaíochtaí oibríochtúla arna gcur chun feidhme laistigh de EMPACT a threisiú, lena n-áirítear trí pháirt a thabhairt do phríomhghníomhaithe EMPACT nuair is ábhartha. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát atá rannpháirteach i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí oibríochtúla laistigh de EMPACT an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar do Europol.

(12) Ba cheart do Europol sonraí neamhphearsanta maidir le tascfhórsaí oibríochtúla a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát. Áirítear i sonraí den sórt sin, mar shampla, na réimsí coireachta ábhartha, *modi operandi* na ngníomhaithe coiriúla lena mbaineann agus na húdaráis inniúla atá rannpháirteach i dtascfhórsaí oibríochtúla. Chomh maith leis sin, ba cheart do Europol an sreabhadh cumarsáide a éascú idir na Ballstáit atá i gceannas ar thascfhórsaí oibríochtúla agus iad siúd atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla EMPACT.

(13) Ba cheart do Europol sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil tuilleadh, i gcomhthéacs smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794 agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus i gcomhréir leis na caighdeáin cosanta sonraí is infheidhme de chuid an Aontais, lena n-áirítear prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra agus an riachtanais agus na comhréireachta.

(14) I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, is féidir le Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tíortha, in éagmais cinneadh leordhóthanachta nó in éagmais coimircí cosanta sonraí leordhóthanacha nó iomchuí, i gcomhréir le h Airteagal 25(5) de Rialachán (AE) 2016/794.

(15) Ba cheart do Europol bheith ina mhol faisnéise coiriúla de chuid an Aontais agus gníomhú mar sholáthraí seirbhíse, go háirithe trí líonra slán a sholáthar chun sonraí a mhalartú, amhail an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), agus é mar aidhm leis malartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit, Europol, comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

(16) Áirítear i malartú éifeachtach faisnéise maidir le forfheidhmiú an dlí sonraí bithmhéadracha a mhalartú, mar shampla méarloirg nó íomhánna den aghaidh, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). Tá úsáid éifeachtach sonraí bithmhéadracha ríthábhachtach chun na bearnaí agus na caochspotaí a dhúnadh a bhfuil sceimhlitheoirí agus coirpigh eile ag iarraidh dúshaothrú a bhaint astu trí dhul faoi cheilt taobh thiar de chéannachtaí bréagacha nó d'ilchéannachtaí. Faoi chreat dlíthiúil Europol, cuirtear ar chumas Europol cheana féin sonraí bithmhéadracha a phróiseáil chun críoch oibríochtúil agus chun coireacht a thagann faoina cuspóirí a chosc nó a chomhrac, dá bhforáiltear in Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2016/794. Ach, mar a tugadh chun suntais sa tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ó 2021 maidir le tacaíocht Europol chun smuigleáil imirceach a chomhrac, is gá a chur ar chumas Europol sonraí bithmhéadracha a úsáid go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart a chur ar chumas Europol sonraí bithmhéadracha a phróiseáil go héifeachtach agus go héifeachtúil chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do na Ballstáit, lena n-áirítear maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([6]) Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle (IO L 134, 22.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/977/oj).

([7]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

(17) Ba cheart aon phróiseáil sonraí bithmhéadracha a bheith i gcomhréir leis na coimircí atá ann cheana a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2016/794 agus (AE) 2018/1725, agus ba cheart í a bheith fíor-riachtanach agus comhréireach leis an gcuspóir atá á shaothrú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chaighdeáin cháilíochta iomchuí a bhunú is infheidhme maidir le sonraí bithmhéadracha a phróiseáil agus a stóráil. Ba cheart na caighdeáin cháilíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na híoschaighdeáin cháilíochta ábhartha a leagtar síos i ndlí an Aontais i leith próiseáil inchomparáide sonraí bithmhéadracha chun leibhéal cáilíochta coibhéiseach a áirithiú, lena n-áirítear na híoschaighdeáin cháilíochta arna mbunú ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(18) Tá baint ghníomhach na mBallstát agus comhroinnt na faisnéise ábhartha uile le Europol ríthábhachtach chun cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe de chuid an Aontais a chur ar fáil maidir leis an gcomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine. Chuige sin, moltar do na Ballstáit seirbhísí lárnacha a chur ar bun atá speisialaithe sa chomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, lena n-áiritheofaí sineirgí le comhordaitheoirí náisiúnta chomhrac na gáinneála nó le sásraí coibhéiseacha arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2011/36/AE , agus foráil a dhéanamh go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag na seirbhísí lárnacha sin chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus gur féidir leo faisnéis maidir le himscrúduithe coiriúla a chomhroinnt le Europol go héifeachtúil trí úsáid a bhaint as SIENA.

(19) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear faisnéis ó oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-imscaradh i dtríú tíortha a mheastar gur ag teacht faoi raon feidhme chreat dlíthiúil Europol an fhaisnéis sin, a chomhroinnt le Europol ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, trí úsáid a bhaint as SIENA.

(20) Ba cheart oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-ainmniú agus arna n-imscaradh chuig tríú tíortha ag údaráis inniúla na mBallstát a bheith nasctha le SIENA agus ba cheart dóibh é a úsáid chun faisnéis ábhartha maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhroinnt le Europol go díreach nó go hindíreach trína n-údaráis inniúla náisiúnta. Mura féidir nasc a dhéanamh le SIENA ar chúiseanna dlíthiúla, eagraíochtúla nó teicniúla, ba cheart d'oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-ainmniú agus arna n-imscaradh ag údaráis inniúla na mBallstát faisnéis ábhartha a chomhroinnt le Europol trí údarás inniúil náisiúnta trí bhealaí slána eile. Ba cheart d'oifigigh idirchaidrimh inimirce arna n-ainmniú agus arna n-imscaradh ag údaráis náisiúnta seachas údaráis inniúla na mBallstát faisnéis ábhartha a chomhroinnt le húdarás inniúil náisiúnta, d'fhonn an fhaisnéis sin a sholáthar do Europol.

(21) Ba cheart Europol agus údaráis inniúla na mBallstát a spreagadh chun comhoibriú in imscrúduithe maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear nuair a dhéantar na cionta coiriúla sin trí úsáid a bhaint as an idirlíon, mar shampla trí ardáin na meán sóisialta.

(22) Chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, tá gá le comhordú agus gníomhaíocht chomhbheartaithe. Chun na críche sin, is féidir leis na Ballstáit foireann chomhpháirteach um imscrúdú a chur ar bun i gcomhréir le Cinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ([9]), lena n-áirítear le tacaíocht ó Europol. I gcás ina bhfuil cúis ag Europol a chreidiúint go gcuirfí luach le himscrúdú ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine dá gcuirfí foireann chomhpháirteach um imscrúdú ar bun, is féidir leis é sin a mholadh do na Ballstáit lena mbaineann agus bearta a dhéanamh chun cuidiú leo an fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú a chur ar bun, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794. I gcásanna den sórt sin, ba cheart do Europol idirchaidreamh dlúth a dhéanamh le Eurojust.

([8]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj).

([9]) Cinneadh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2002/465/oj).

(23) Chun tacú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát agus chun iad a neartú, ba cheart do Europol a bheith in ann baill foirne a imscaradh go sealadach, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ar iasacht, chun tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil agus fhóiréinseach a sholáthar. Go háirithe, ba cheart imscaradh den sórt sin a dhéanamh i gcomhthéacs imscrúduithe casta, mórscála agus ardphróifíle agus gníomhaíochtaí malartaithe faisnéise coiriúla a dteastaíonn tacaíocht ó Europol ina leith. Le himscaradh den sórt sin, ba cheart tacú freisin le tuilleadh seiceálacha slándála i gcoinne bhunachair sonraí Europol nó bunachair sonraí náisiúnta chun malartú tapa faisnéise a éascú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais (seiceálacha tánaisteacha slándála) a neartú, nó le foirne tacaíochta don bhainistiú imirce i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]). Ba cheart do Europol úsáid a bhaint as imscaradh den sórt sin freisin chun tacú leis na Ballstáit i ndáil le mórtheagmhais idirnáisiúnta.

(24) Ba cheart imscaradh Europol a dhéanamh ar chríoch Ballstáit arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, i gcuibhreann leis na húdaráis sin agus le comhaontú na n-údarás sin. Chun críocha imscaradh Europol ar chríoch Ballstáit, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar, gan mhoill, do Europol, mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais, chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus chun í a neartú.

(25) Le treisiú chreat dlíthiúil Europol, tugtar an deis a shoiléiriú gur cheart a chumhdach go sainráite le cuspóirí Europol freisin sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). Is uirlis fhíor-riachtanach iad bearta sriantacha an Aontais chun luachanna, slándáil, neamhspleáchas agus ionracas an Aontais a chosaint, chun an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus chun tacú leo, agus chun an tsíocháin idirnáisiúnta a choimeád, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le haidhmeanna agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. I gcás inarb é atá i sárú den sórt sin ar bhearta sriantacha an Aontais saghas eile coireachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794, tacaíonn Europol le himscrúduithe na mBallstát maidir le díriú ar shócmhainní coiriúla atá faoi úinéireacht daoine aonair agus eintiteas dlítheanach atá faoi réir smachtbhannaí de chuid an Aontais nó imscrúduithe coiriúla a bhaineann le teacht timpeall ar smachtbhannaí trádála agus eacnamaíocha arna bhforchur ag an Aontas. Ós rud é gurb é atá i sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais saghas coireachta a dhéanann difear do leas coiteann a chumhdaítear le beartas an Aontais agus saghas coireachta a bhfuil na Ballstáit ag dul i ngleic níos mó agus níos mó léi, ba cheart Europol a bheith inniúil chun gníomhú chun tacú le gníomhaíocht na mBallstát ina leith sin agus chun í a neartú. Tacaíonn an inniúlacht sin leis na Ballstáit a mhéid a bhaineann lena gcomhar frithpháirteach agus lena gcomhar le Europol, Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, chun imscrúdú éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha an Aontais agus ionchúiseamh éifeachtach na sáruithe sin a áirithiú.

(26) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(27) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(28) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus thug an Maoirseoir tuairim an 23 Eanáir 2024.

(29) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon treisiú a dhéanamh ar smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar i bhfianaise chineál trasteorann na gcoireanna sin, agus, de bharr éifeachtaí an chomhair agus na comhroinnte faisnéise, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

([10]) Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

([11]) Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673 (IO L, 2024/1226, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1226/oj).

(30) Leis an Rialachán seo, urramaítear go hiomlán na cearta agus coimircí bunúsacha, agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus an saol teaghlaigh a urramú agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint dá bhforáiltear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, chomh maith le hAirteagal 16 CFAE.

(31) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/794 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/794

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(w) ciallaíonn "SIENA" an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise, arna bhainistiú ag Europol, lena n-éascaítear malartú faisnéise;

(x) ciallaíonn "oifigeach idirchaidrimh inimirce" oifigeach idirchaidrimh inimirce mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2019/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (IO L 198, 25.7.2019, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1240/oj).';

(2) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) gníomhaíochtaí oibríochtúla agus imscrúdaitheacha a chomhordú, a eagrú agus a chur chun feidhme chun tacú agus treisiú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar:

(i) go comhpháirteach le húdaráis inniúla na mBallstát;

(ii) i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha um imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 5 agus, i gcás inarb iomchuí, i gcuibhreann le Eurojust;

(iii) i gcomhthéacs tascfhórsaí oibríochtúla; nó

(iv) i gcomhthéacs imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) tacú le gníomhaíochtaí trasteorann malartaithe faisnéise, oibríochtaí trasteorann agus imscrúduithe trasteorann na mBallstát, chomh maith le foirne comhpháirteacha um imscrúdú , lena n-áirítear trí thacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, fhóiréinseach agus airgeadais a sholáthar;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

'(l) lárionaid saineolais speisialaithe de chuid Aontais a fhorbairt chun cineálacha áirithe coireachta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol a chomhrac, lena n-áirítear an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach arna bhunú de bhun Airteagal 9a agus Ionad Cibearchoireachta na hEorpa;'

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (s):

'(s) gníomhaíochtaí agus imscrúduithe comhpháirteacha, comhordaithe agus tosaíochta maidir le malartú faisnéise coiriúla a éascú, lena n-áirítear maidir le daoine dá dtagraítear i bpointe (r);';

(v) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(ya) aird ar leith a thabhairt, agus tacaíocht á tabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát i gcomhthéacs imscrúduithe, ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear nuair a bhaineann na cionta coiriúla sin le gníomhaíochtaí a dhéantar ar an idirlíon;';

(vi) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(za) tacú leis na Ballstáit, lena n-áirítear trí uirlisí sonracha a fhorbairt, le próiseáil éifeachtach agus éifeachtúil sonraí bithmhéadracha chun an choireacht a thagann faoi chuspóirí Europol mar a leagtar amach in Airteagal 3 a chosc nó a chomhrac; comhlíonfaidh próiseáil sonraí bithmhéadracha na híoschaighdeáin cháilíochta is infheidhme, agus déanfar í i gcomhréir le hAirteagail 18 agus 18a agus leis na coimircí a leagtar amach sa Rialachán seo, go háirithe prionsabail an dianriachtanais agus na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 30.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfidh Europol anailísí straitéiseacha agus measúnuithe ar bhagairtí ar fáil chun cuidiú leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún tosaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla an Aontais a leagan síos chun an choireacht a chomhrac. Cuideoidh Europol freisin le cur chun feidhme oibríochtúil na dtosaíochtaí sin, go háirithe trí thacú le húdaráis inniúla na mBallstát an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) a neartú a thuilleadh mar chreat comhleanúnach chun na bagairtí a bhaineann le líonraí coiriúla a chosc agus chun dul i ngleic leo, lena n-áirítear trí thacaíocht riaracháin, lóistíochta, airgeadais agus oibríochtúil a éascú agus a sholáthar do ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus straitéiseacha faoi stiúir na mBallstát, lena n-áirítear malartú faisnéise gaolmhar.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ní chuirfidh Europol bearta comhéigneacha i bhfeidhm agus a chuid cúraimí á gcur i gcrích aige.

Féadfaidh baill foirne Europol tacaíocht oibríochtúil a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát le linn do na húdaráis sin bearta imscrúdaitheacha a fhorghníomhú, arna iarraidh sin dóibh agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, go háirithe trí mhalartú faisnéise trasteorann agus cineálacha eile próiseála sonraí a éascú, trí thacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil agus fhóiréinseach a sholáthar, agus trí bheith i láthair le linn fhorghníomhú na mbeart sin. Ní bheidh sé de chumhacht ag baill foirne Europol féin bearta imscrúdaitheacha a fhorghníomhú.';

(3) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6, pointe (a):

'(a) an fhaisnéis riachtanach a sholáthar do Europol ionas gur féidir leis a chuid cuspóirí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an fhaisnéis a bhaineann le saghsanna coireachta a measann an tAontas gur tosaíocht é iad a chosc nó a chomhrac, amhail smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine;';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'6a. Déanfaidh gach Ballstát atá ag bunú tascfhórsa oibríochtúil, atá rannpháirteach i gceann nó atá ag tacú le ceann an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar gan mhoill do Europol agus do na Ballstáit eile atá ag bunú tascfhórsa oibríochtúil, atá rannpháirteach i gceann nó atá ag tacú le ceann, trí úsáid a bhaint as SIENA agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh siad faisnéis a chur ar fáil go díreach i gcomhréir le hAirteagal 20(2a), lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le himscrúduithe airgeadais comhthreomhara chun sócmhainní coiriúla a shainaithint agus a urghabháil.

6b. Déanfaidh gach Ballstát atá ag bunú gníomhaíocht oibríochtúil de chuid EMPACT a fhaigheann tacaíocht ó Europol nó atá rannpháirteach i gceann SIENA a úsáid, aon uair is féidir, chun an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar gan mhoill do Europol agus do Bhallstáit eile.

6c. Déanfaidh gach Ballstát ar ar a chríoch a dhéantar imscaradh Europol le haghaidh tacaíocht oibríochtúil an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar gan mhoill do Europol, trí úsáid a bhaint as SIENA agus, i gcás inar féidir agus i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, trí rochtain ar fhaisnéis i mbunachair sonraí náisiúnta a thabhairt do bhaill foirne Europol agus do shaineolaithe náisiúnta ar iasacht arna n-imscaradh ina chríoch.';

(c) i mír 7, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘Gan dochar do chomhlíonadh a gcuid freagrachtaí ag na Ballstáit i dtaca leis an ord poiblí a chaomhnú agus slándáil inmheánach a choimirciú, ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit, in aon chás ar leith, faisnéis a sholáthar i gcomhréir le mír 6, pointe (a), mír 6a, mír 6b, nó mír 6c, ar faisnéis í:’;

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘7a. Déanfaidh gach Ballstát a oifigigh idirchaidrimh inimirce, arna n-ainmniú ag údaráis inniúla na mBallstát, a nascadh le SIENA chun faisnéis ábhartha a chur faoi bhráid Europol go díreach nó trí údaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir le mír 5 agus mír 6, pointe (a). I gcás nach féidir oifigeach idirchaidrimh inimirce a nascadh le SIENA ar chúiseanna dlíthiúla, eagraíochtúla nó teicniúla, cuirfidh an t-oifigeach idirchaidrimh inimirce sin an fhaisnéis ábhartha faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta trí bhealaí slána eile. Soláthróidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis do Europol, i gcomhréir le mír 5 agus mír 6, pointe (a).

7b. Déanfaidh oifigigh idirchaidrimh inimirce nach bhfuil ainmnithe ag údaráis inniúla na mBallstát an fhaisnéis ábhartha a chur faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta den sórt sin, trí úsáid a bhaint as bealaí slána. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis i gcomhréir le mír 5 agus mír 6, pointe (a), soláthróidh an t-údarás inniúil sin í do Europol.’;

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 9a*

Cúraimí agus comhdhéanamh an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach

1. Déantar an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach a bhunú laistigh de Europol mar lárionad saineolais speisialaithe de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (l).

2. Tacóidh an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach leis na Ballstáit chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac.

3. Áireofar sa Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach baill foirne de chuid Europol agus ionadaithe ó Eurojust agus ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. Féadfaidh Europol cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe eile a bheith rannpháirteach i gcur i gcrích chúraimí an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach.

4. Ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, glacfaidh an Bord Bainistíochta rialacha cur chun feidhme maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach, lena n-áirítear maidir lena chúraimí agus a chomhdhéanamh. Beidh comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais lena mbaineann rannpháirteach i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.’;

(5) in Airteagal 18(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) malartú faisnéise a éascú, lena n-áirítear trí SIENA, idir na Ballstáit, Europol, comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus páirtithe príobháideacha;’;

(6) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleasc (‘smuigleáil inimirceach’):

‘— smuigleáil imirceach;’;

(b) cuirtear an fhleasc seo a leanas léi:

‘— sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 16 Nollaig 2025.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	M. BJERRE